**Scríobh do Scrúduimhir anseo** | | **M48T**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú na hArdteistiméireachta 2005

## EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

## ARDLEIBHÉAL

| STAMPA IONAID |
|---|
| |

**DÉ hAOINE, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.30**

**280/320 MARC**

*Treoracha d'Iarrthóirí*

**Roinn A** Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **deich gceist** ar bith a fhreagairt.
Tá **6** mharc ag dul do gach ceist.
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an scrúdpháipéar.**

**Roinn B** Tá **cúig cheist** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile a fhreagairt.**
Tá **80** marc ag dul do Cheist **1**.
Tá **50** marc an ceann ag dul do Cheisteanna **2, 3, 4** agus **5**.
**Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil.**

**Roinn C** Tá **trí cheist** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi cheist **amháin** ar ábhar roghnach agus faoi **chuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b) nó cuid (c)** den cheist a fhreagairt.
**Ní ceadaithe d'iarrthóirí a chuir obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh isteach le haghaidh scrúdaithe ach Ceist 2 amháin a fhreagairt sa roinn seo.**
Tá **80** marc an ceann ag dul d'ábhair roghnacha **1** agus **3**. Tá **40** marc ag dul d'ábhar roghnach **2.**
**Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar ar leith atá curtha ar fáil.**

**Ní mór duit do scrúdpháipéar a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.**

## Roinn A

**Freagair deich gceist ar bith sa roinn seo.**
**Tá 6 mharc ag dul do gach ceist.**
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

**1.** Ainmnigh foinse **amháin** bia i gcás **gach** próitéine de na próitéiní atá liostaithe thíos. (6)

| Próitéin | Foinse Bia |
|---|---|
| Albaimin | |
| Caesinigin | |
| Collaigin | |
| Aictin | |
| Glútan | |
| Mióisin | |

**2.** **(a)** Luaigh **dhá** fheidhm atá ag lipidí sa chorp. (2)

(i)________________________________________

(ii)________________________________________

**(b)** Comhlánaigh an tábla seo a leanas maidir le díleá lipidí. (4)

| Faireog Dhíleách | Tál | Einsím | Athrú |
|---|---|---|---|
| Paincréas | | | |

**3.** **(a)** Luaigh **dhá** fheidhm bhitheolaíocha atá ag uisce. (4)

(i) ________________________________________

(ii) ________________________________________

**(b)** Luaigh **airí** amháin atá ag uisce. (2)

________________________________________

**4.** **(a)** Luaigh **dhá** éifeacht le Cóiriú Ultraitheasa (UHT i mBéarla) ar bhainne. (4)

(i) ____________________

(ii) ____________________

**(b)** Cad is bia foirtil ann? (2)

____________________

____________________

**5.** **(a)** Tabhair fáth **amháin** go mbainfeadh déantúsóir bia úsáid as tástáil anaislíse céadfaí. (2)

____________________

____________________

**(b)** Ainmnigh **dhá** chatagóir de thástálacha anailíse céadfaí. Liostaigh tástáil **amháin** de chuid gach catagóire díobh. (4)

| **Catagóir** | **Tástáil** |
|---|---|
| | |
| | |

**6.** **(a)** Luaigh **dhá** úsáid le microrgánaigh i dtáirgeadh bia. (4)

(i) ____________________

____________________

(ii) ____________________

____________________

**(b)** Mol modh **amháin** chun milleadh einsímeach i mbianna a smachtú. (2)

____________________

**7.** **(a)** Liostaigh **dhá** ghairm bheatha a bhfuil fostaíocht le fáil iontu i dtionscal an bhia. (2)

(i) ______________________________

(ii) ______________________________

**(b)** Luaigh **dhá** shlí ina dtugann Údarás na hÉireann um Shábháilteacht Bia (FSAI i mBéarla) tacaíocht d'obair thionscal an bhia. (4)

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

**8.** Luaigh feidhm **amháin** le **gach ceann** de na breiseáin bhia atá liostaithe anseo thíos. (6)

| **Breiseán Bia** | **Feidhm** |
|---|---|
| Feabhsaitheoir blais | |
| Eiblitheoir | |
| Antoscaídeach | |

**9.** Luaigh feidhm le **gach** ceann de na páirteanna cuisneora seo a leanas: (6)

an teirmeastat ______________________________

______________________________

______________________________

an cuisneán ______________________________

______________________________

______________________________

**10.** Maidir leis an *bpróiseas bainistíochta* mínigh agus tabhair sampla de **gach** ceann díobh seo a leanas: (6)

*Ionchur* ______________________________________________

______________________________________________

*Sampla* ______________________________________________

*Aschur* ______________________________________________

______________________________________________

*Sampla* ______________________________________________

**11.** **(a)** Ainmnigh agus mínigh an **dá** asbhaint éigeantacha a bhaintear as ioncam iomlán duine. (6)

(i) ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(ii) ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**12.** Sainaithin **trí** chlaonadh atá ann le tamall anuas i bhforbairtí tithíochta in Éirinn. (6)

(i) ______________________________________________

______________________________________________

(ii) ______________________________________________

______________________________________________

(iii) ______________________________________________


______________________________________________

# Roinn B

**Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile sa roinn seo.**
**Tá 80 marc ag dul do Cheist 1. Tá 50 marc an ceann ag dul do Cheisteanna 2, 3, 4 agus 5.**

**1.** ***Léirigh suirbhé a rinneadh le déanaí gurb iad na foinsí léirithe thíos na príomhfhoinsí carbaihiodráite sa réim bia in Éirinn.***

**Príomhfhoinsi Carbaihiodráite sa Réim Bia in Éirinn**




(Suirbhé ar Chaitheamh Bia Thuaidh-Theas, 2001)

**(a)** Ag baint úsáide as an eolas a sholáthraítear sa chairt, agus ag tabhairt airde ar threoirlínte sláintiúla itheacháin an lae inniu, mol **trí** shlí inar chóir foinsí bia carbaihiodráití sa réim bia a choigeartú.
Luaigh fáth le **gach** moladh díobh. (18)

**(b)** Déan cur síos ar struchtúr ceimiceach **gach aon chinn** díobh seo a leanas:
(i) monaisiúicrídí
(ii) déshiúicrídí
(iii) polaisiúicrídí.
Luaigh sampla **amháin** de gach ceann. (24)

**(c)** Ainmnigh agus mínigh **trí** airí de chuid carbaihiodráití atá úsáideach in ullmhúchán bia. (18)

**(d)** Déan ról lipéadú bia mar chabhair don tomhaltóir agus bianna á roghnú aige a mheas. (20)

**2.** ***Is é an aidhm atá le leasú ná a chinntiú go bhfuil dath, blas agus luach cothaithe an bhia leasaithe chomh cóngarach agus is féidir don bhia úr.***

**Luach Cothaithe Piseanna Úra, Reoite agus Stánaithe**

| **Eolas cothaitheach in aghaidh gach 100 gr** | **Fuinneamh (kcal)** | **Próitéin (g)** | **Carbaihiodráit (g)** | **Vitimín C (mg)** | **Vitimín A (μg)** | **Sóidiam (mg)** | **Iarann (mg)** | **Tiaimín (mg)** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Piseanna úra (amh) | 67 | 5.8 | 10.6 | 25 | 300 | 1 | 1.9 | 32 |
| Piseanna reoite (amh) | 53 | 5.7 | 7.2 | 17 | 300 | 3 | 1.5 | 32 |
| Piseanna stánaithe | 47 | 4.6 | 7 | 8 | 300 | 230 | 1.6 | 13 |

**(a)** Ag baint úsáide as an eolas sa tábla, pléigh iad seo a leanas:
(i) éifeachtaí an reo ar an gcion Vitimín C i bpiseanna
(ii) éifeachtaí an stánaithe ar an gcion Vitimín C, Sóidiam agus Tiaimín i bpiseanna.
Luaigh fáth **amháin** ab fhéidir a bheith leis i ngach cás. (24)

**(b)** Tabhair próifíl ar do rogha bia a bhfuil próiséasú déanta air chun fad a chur lena sheilfré. Bíodh tagairt agat dóibh seo a leanas:
(i) céimeanna táirgthe
(ii) pacáistiú
(iii) lipéadú. (26)

**3.** ***Tá an cócaireán micreathoinne ina chuid riachtanach den chistin le blianta beaga anuas.***

**(a)** Leag amach sonraí taighde atá déanta agat ar chócaireán micreathoinne. Bíodh tagairt agat dóibh seo a leanas:
(i) prionsabal oibrithe
(ii) gnéithe dearaidh nua-aimseartha
(iii) treoirlínte chun an fearas a úsáid. (30)

**(b)** Déan a bhfuil déanta ag an gcóicearán micreathoinne ar mhaithe le hullmhúchán bia nua-aimseartha agus cleachtaí cócaireachta, a mheas. (12)

**(c)** Breacrianaigh an chosaint a thugann an tAcht Fhruilcheannaigh 1960 don tomhaltóir. (8)

**4.** ***Taispeánann taighdí dúinn gur tobcheannach faoi deara 65% den cheannach a dhéantar sna hollmhargaí.*** (*Consumer Choice* Bealtaine 2001)

**(a)** Déan cur síos ar **cheithre** theicníc a mbaineann ollmhargaí feidhm astu ar an láthair chun caiteachas tomhaltóirí a spreagadh. (20)

**(b)** Ainmnigh **trí** mhodh taighde a mbaintear feidhm astu chun eolas a bhailiú faoin tomhaltóir.
Minigh an chaoi a dtéann taighde ar thomhaltóirí chun tairbhe (i) don díoltóir agus (ii) don tomhaltóir. (19)

**(c)** Ainmnigh agus breacrianaigh ról gníomhaireachta deonaí **amháin** arb í cosaint tomhaltóirí is cúram di. (11)

**5.** ***Tá bunfhreagracht ar thuismitheoirí /ar choimeádaithe maidir le hoiliúint agus le forbairt a bpáistí. Cabhraíonn an Stát le tuismitheoirí/coimeádaithe i gcomhlíonadh na freagrachta seo.***

(Airteagal 18, Coinbhinsin na NA um Chearta Páistí )

**(a)** Breacrianaigh **ceithre** cheart atá ag páistí laistigh den teaghlach. (12)

**(b)** Pléigh conas a chabhraíonn an stát leis an teaghlach i dtógáil páistí. (18)

**(c)** Déan anailísiú ar an tslí ina gcuireann (i) tosca sóisialta agus (ii) tosca eacnamaíochta isteach ar rólanna tuismitheoireachta laistigh d’aonad an teaghlaigh. (20)

## Roinn C

**Ní mór ceist ar ábhar roghnach amháin a fhreagairt as an roinn seo.**
**Ní ceadaithe d'iarrthóirí a chuir obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh isteach le hagaidh scrúdaithe ach Ceist 2 amháin a fhreagairt sa roinn seo.**

## Ábhar Roghnach 1 - Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1(a) a fhreagairt mar aon le 1(b) nó 1(c).**

**1. (a)** ***Tá beirt chlainne ar Cholm agus Áine Mac Gabhann, Ailín (16 mhí) agus Aoife (3 bliana). Bhog siad isteach ina dteach nua le déanaí. Tá aghaidh chúl an tí ó dheas. Chun costais a laghdú tá sé beartaithe acu tabhairt faoin obair dhearaidh inmheánaigh iad féin.***

(i) Tabhair cuntas ar na tosca ba cheart don lánúin seo a chur san áireamh nuair atá dearadh inmheánach an tí á phleanáil acu. (20)

(ii) Dearaigh agus sceitseáil leagan amach aon seomra **amháin** sa teach. Maidir leis an seomra seo, déan cur síos ar **gach ceann** díobh seo a leanas:
- (a) an scéim datha
- (b) an soilsiú
- (c) an cumhdach urláir. (20)

(iii) Mínigh conas a cuireadh **dhá** phrionsabal dearaidh ar bith i bhfeidhm nuair a bhí leagan amach an tseomra á phleanáil. (10)

**agus**

**1. (b)** ***Is beag nár mhéadaigh faoi dhó ar líon na n-áitreabh príobháideach a cuireadh ar cíos idir 1991 agus 2002.*** (Daonáireamh, 2002)

(i) Tabhair cuntas ar na costais chomparáideacha a bhaineann le háit chónaithe a cheannach agus le lóistín a fháil ar cíos. (15)

(ii) Tabhair tuairisc ar a bhfuil de thithe á soláthar in Éirinn chun deighleáil leis an athrú sna riachtanais tithíochta. (15)

**nó**

**1. (c)** (i) Ainmnigh an **dá** phríomhchineál plaistic a mbaintear úsáid astu sa teach. Maidir le **gach ceann** díobh liostaigh (i) a chuid úsáidí agus (ii) a chuid airíonna. (20)

(ii) Mínigh an bunphrionsabal atá i gceist maidir le glónrú dúbalta mar mhodh chun cailliúint teasa trí fhuinneoga a mhaolú. (10)

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 2(a) a fhreagairt mar aon le 2(b) <u>nó</u> 2(c).**

**2. (a)** ***Is é aidhm dhearadh éadaí ná ball éadaigh a dhéanamh a thugann pléisiúr aeistéitiúil agus a oireann dá ghnó.***

(i) Sceitseáil agus déan cur síos ar chasóg gheimhridh a bheadh oiriúnach do dhalta bunscoile. (9)

(ii) Maidir le fabraic na casóige, tabhair sonraí i dtaca le:
- (a) cineál na fabraice agus na fáthanna ar roghnaíodh é
- (b) tástáil ghníomhaíochta fabraice **<u>amháin</u>** a d'fhéadfaí a chur i gcrích chun oiriúnacht na fabraice a chinntiú
- (c) bailchríoch fheidhmiúil **<u>amháin</u>** a d'fhéadfaí a chur leis an bhfabraic. (16)

**agus**

**2. (b)** ***Bíonn éileamh ag an bpobal ar fhabraicí cniotáilte le haghaidh bailiúchán Fómhair agus Geimhridh.***

(i) Mínigh conas a chuirtear fabraic chniotáilte le chéile. (9)

(ii) Liostaigh **<u>dhá</u>** airí inmhianaithe de chuid fabraicí cniotáilte. (6)

**nó**

**2. (c)** (i) Déan móréifeacht na dtionchar tionsclaíoch ar an tionscal éadaí in Éirinn a mheasúnú. (9)

(ii) Pléigh gairm bheatha **<u>amháin</u>** a bhfuil fostaíocht le fáil inti sa tionscal éadaí. (6)

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 3(a) a fhreagairt mar aon le 3(b) <u>nó</u> 3(c).**

**3. (a)** ***Is é atá i gceist le seirbhís dheonach a thairiscint ná am agus fuinneamh a chaitheamh ar son na sochaí agus an phobail áitiúil. Cuireann sé ar chumas daoine a n-acmhainn féin a thabhairt chun foirfeachta agus iad ag cabhrú le hathrú sóisialta agus comhshaoil a chur i gcrích.***

(Deoinsheirbhísiú in Éirinn 2004)

(i) Déan idirdhealú idir (a) obair dheonach agus (b) obair gan tuarastal. (10)

(ii) Maidir leis an ráiteas thuas pléigh:
(a) conas a chuireann obair dheonach ar chumas duine a (h)acmhainn a thabhairt chun foirfeachta
(b) conas a chabhraíonn obair dheonach le hathrú sóisialta agus comhshaoil a chur i gcrích sa phobal áitiúil. (24)

(iii) Sainaithin agus mínigh na tosca a mbíonn tionchar acu ar dhearcadh daoine i leith na hoibre. (16)

**agus**

**3. (b)** ***Táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú de 23,000 ar an bhfostaíocht fad is a fhanfaidh an ráta dífhostaíochta thart ar 5%.*** (Buiséad 2004)

(i) Ainmnigh agus tabhair sonraí ar thionscnamh stáit **<u>amháin</u>** a thugann spreagadh d'infheistíocht iasachta agus a chuireann fostaíocht ar fáil dá thoradh sin. (10)

(ii) Pléigh tionchar fhorbairt na teicneolaíochta ar chúrsaí oibre agus fostaíochta. (20)

**nó**

**3. (c)** ***Ba cheart go bhfreastalódh an soláthar oideachais ar dhaltaí a bhfuil riachtanais dhifriúla acu.***

(i) Tabhair cuntas ar an soláthar tacaíochta atá ar fáil i scoileanna dara leibhéal le haghaidh daltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu. (18)

(ii) Breacrianaigh buntáistí an oideachais réamhscolaíochta. (12)

**Leathanach Bán**